

# **Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019**

Imleabhar 3:

Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

*Márta 2013*

## Clár na nÁbhar

<b>Mír</b>	<b>Leathanach</b>
<b>1.0 Réamhrá</b>	1
<b>1.1 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha</b>	2
1.1.1 Gnéithe ar Leith den Tírdhreach	
<b>1.2 Aonaid Nádúr an Tírdhreacha</b>	3
1.2.1 Ardtailte	3
1.2.2 Ísealtailte	4
1.2.3 Gleannta Abhann	5
1.2.4 Cósta	5
<b>1.3 Tírdhreacha Níos Íogaire</b>	6
1.3.1 Cnoic agus Dromanna	6
1.3.2 Dobharlaigh	7
1.3.3 Na hOileáin	7
1.3.4 Cinn Tíre Cósta	7
1.3.5 Leithinis Rinn Duáin	8
1.3.6 Cnoic na Scríne	9
1.3.7 Slabaí	9

### Léarscáil

Cruthaíonn Léarscáil Uimh. 13 Aonaid agus Gnéithe an Tírdhreacha cuid de Ráiteas Scríofa Imleabhar 1.

## 1.0 Réamhrá

Modh atá i Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha (MNT) trínar féidir gnéithe soiléire, inaitheanta agus comhsheasmhacha a chruthaíonn tírdhreacha a shainaithint. Tá sé beartaithe chun faisnéis a sholáthar do bheartais a fhorbairt i dtaca le bainistíocht inbhuanaithe athraithe a imríonn tionchar ar an tírdhreach. Tá bunúis na measúnachta le fáil i gCoinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa 2000.

Cuireann Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, ar a dtugtar Coinbhinsiún Florence chomh maith, cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha na hEorpa chun cinn. Ghlac Comhairle na hEorpa leis an gCoinbhinsiú i nDeireadh Fómhair 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm i Márta 2004. Shínigh agus dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún agus ní mór di anois roinnt athruithe agus cuspóirí beartais a bhaineann leis an tírdhreach a chur i bhfeidhm.

Baineann Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a ullmhú go lárnach le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin. In 2011, chuir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in iúl go raibh sé beartaithe acu Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a fhoilsiú. Beartaíonn an Straitéis chun cuspóirí Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa a chur chun cinn agus chun creat beartais a leagan amach a chuirfidh faisnéis ar fáil d'ullmhú comhsheasmhach beartais tírdhreacha agus measúnachtaí ar nádúr an tírdhreacha ar fud an Stáit. I Meán Fómhair 2011, d'fhoilsigh an Roinn páipéar comhairliúcháin phoiblí ar na saincheisteanna a bhfuil breithniú le déanamh orthu agus an Straitéis á hullmhú.

Measann an Chomhairle go mba stuama fanacht go dtí go bhfoilsítear an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha seo sula dtabharfar faoi athbhreithniú cuimsitheach ar an PCÁ a ullmhaíodh do Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2007-2013. I dturas an ama, mheas an Chomhairle gur chuí an PCÁ a chuíchóiriú chun feabhas a chur ar a inléiteacht agus ar a chur i bhfeidhm praiticiúil.

Léifear an cháipéis seo i gcomhar le Mír 14.4 d'Imleabhar 1 de Ráiteas Scríofa Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2013-2019.

## **1.1 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha**

An Tírdhreach agus Measúnacht Tírdhreacha: Soláthraítear treoir d'údaráis phleanála ar PCÁ a ullmhú sna Dréacht-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2001). Ullmhaíodh an PCÁ a ullmhaíodh do Phlean Forbartha Chontae Loch Garman 2007-2013 agus aird ar na treoirlínte seo i ndiaidh measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar an méid a leanas:

- tréithe fisiciúla, mar shampla, topagrafaíocht, línte droma, fána, airde agus an cósta
- íogaireacht i leith forbartha
- geolaíocht agus ithreacha
- fásra agus cumhdach talún
- patrúin lonnaithe
- gníomhaíocht stairiúil

Leasaíodh an PCÁ ar na bealaí a leanas:

- Laghdaíodh líon na n-aonad nádúr an tírdhreacha anuas ó 11 go dtí ceithre cinn. Baineadh seo amach trí aonaid a chur le chéile a bhfuil saintréithe fisiciúla agus an íogaireacht i leith forbartha atá nach mór mar an gcéanna. Is iad na ceithre aonad nádúr an tírdhreacha:
  - (1) Ardtailte
  - (2) Ísealtailte
  - (3) Gleanntha Abhann
  - (4) Cósta
- Déantar 'Tírdhreacha Níos Íogaire' a shainiú anois sa PCÁ. Tá na tírdhreacha seo lonnaithe den chuid is mó laistigh de na haonaid tírdhreacha ísealtailte agus cósta agus gnéithe sa tírdhreach agus sa mhúirdhreach atá iontu a mbaineann an díol spéise agus an

infheictheacht is mó leo, agus, ar an ábhar sin, tá siad níos íogaire d'fhorbairt, go ginearálta. Baineann díol mór spéis stairiúil, shoch-chultúrtha agus reiligiúnach le go leor de na gnéithe seo, chomh maith. Sainaithnítear na tírdhreacha seo ar Léarscáil Uimh. 13 Aonaid agus Gnéithe an Tírdhreacha in Imleabhar 1 Ráiteas Scríofa.

### **1.1.1 Gnéithe ar Leith den Tírdhreach**

Ní féidir leis an PCÁ, agus ní bheartaítear go ndéanfaidh sé, gnéithe ar leith den tírdhreach a shainaithint ar bhonn páirc ar pháirc. Tá gnéithe tábhachtacha i dtírdhreach an chontae, chomh maith, mar shampla, fáлта scean agus crainn a dhéanann teorainn timpeall páirceanna agus bóithre, coillearnaí, bogach agus seanbhallaí diméine nach féidir a bhreacadh ar Léarscáil Uimh. 13. Aithnítear an méid a chuireann na gnéithe seo den tírdhreach le nádúr láithreánsónrach agus foriomlán thírdhreach an chontae agus ba cheart iad a chur san áireamh nuair a dhéantar measúnú ar thograí forbartha.

## **1.2 Aonaid Nádúr an Tírdhreacha**

### **1.2.1 Ardtailte**

Is é is mó a bhíonn i gceist le hArdtailte ná talamh níos airde, a dtagann comhathruithe áirithe orthu, agus baineann seo le tuaisceart agus le hiarthar an chontae. Titeann níos mó báistí agus séideann níos mó gaoithe ar an talamh níos airde agus tá an talamh thíos le drochdhraenáil agus réimse teoranta d'fhásra agus d'úsáid talún. Tá crainn fheosaí agus/nó easpa crann le tabhairt faoi deara. Ar an talamh is airde, talmhaíocht ísealdlúis is mó a bhíonn i gceist, ina dtugtar faoi thógáil stoic, foraois a fhás agus ina bhfuil ceantair áirithe d'fhásra idirthréimhseach. D'fhéadfadh foraoisiú bheith ar cheann de na príomhúsáidí a bhainfear as an talamh sna ceantair seo amach anseo.

Ar thalamh níos ísle, bíonn na páirceanna níos mó agus gabhann fáлта ísle agus crainn bheaga scaipthe thart orthu. Úsáidtear an talamh, den chuid is mó, chun stoc a thógáil nó d'úsáid mheasctha talmhaíochta. Is féidir teacht ar fhoraois áirithe bhuaircíneach, dhuillsilteach agus coillearnach

idirthréimhseach ar fhánaí géara laistigh de na ceantair seo. Tá feirmeacha gaoithe a tógadh le déanaí ina ngné den tírdhreach seo le déanaí.

Cé go bhfuil dlúsanna níos ísle daonra iontu ná mar atá sna tírdhreacha ísealtalún, freastalaíonn an tírdhreach ardtalún ar dhaonraí móra cónaithe agus oibre ar gá freastal ar a gcuid riachtanas.

Cuimsítear sa tírdhreach seo talamh, dromanna agus spéirlínte níos airde agus níos géire, atá infheicthe sa tírdhreach foriomlán, agus atá níos íogaire i leith forbartha den chuid is mó.

Tá cumas teoranta ag an aonad tírdhreacha seo chun glacadh le forbairt. D'fhéadfadh drochthionchar amhairc bheith ag tiúchan áitiúil d'fhorbairtí tithíochta aonuaire, lasmuigh de lonnaíochtaí sainithe, ar an tírdhreach seo, cé acu ar bhonn aonair nó ar bhonn carnach.

### **1.2.2 Ísealtailte**

Tailte a dhéanann tonnadh réidh den chuid is mó atá san aonad Ísealtailte agus baineann sé le ceantair fhairsinge an chontae. Tá ardleibhéil daonra agus talmhaíocht níos déine sna ceantair seo, go ginearálta. Tá na fánaí agus an topagrafaíocht san aonad seo níos éadoimhne. Radhairc trasna páirceanna níos mó a bhíonn mar shaintréithe na dtailte talmhaíochta níos minice mar thoradh ar fhálta ísle dea-bhearrtha a bhíonn i gceist go ginearálta.

Tá roinnt cnoic fheiceálacha ann laistigh de na hÍsealtailte a sholáthraíonn fálú agus 'suntas' níos mó laistigh den tírdhreach ar an iomlán. Tá an tírdhreach 'Citealach agus Céama' i ngar don Scrín sainiúil agus is díol spéise é. Tugadh na tírdhreacha seo chun solais mar Thírdhreacha Níos Íogaire ar Léarscáil Uimh. 13 Aonaid agus Gnéithe an Tírdhreacha in Imleabhar 1 Ráiteas Scríofa. Tá na príomhbhailte agus an bonneagar mór san aonad tírdhreacha seo, ar nós na bpríomhbhóithre agus na n-iarnród.

Meastar go leanfaidh an phríomhúsáid talmhaíochta a bhaintear as an gcuid is mó d'aonad na nísealtailte mar gheall ar ardchaighdeán agus ar thorthúlacht na n-ithreacha. Beidh diansaothrú cleachtais talmhaíochta agus fairsingiú lonnaithe uirbeacha mar thosca d'athrú sa tírdhreach seo.

Tá saintréithe a bhfuil cumas níos mó acu chun glacadh le forbairt san aonad ísealtalún, go ginearálta, gan bheith ina chúis le cur isteach mór amhairc, ach is gá bheith cúramach, fós féin, ar bhonn cás ar chás, go háirithe chun an baol a íoslaghdú go ndéanfaidh forbairtí cur isteach i dtaobh cúrsaí amhairc.

### **1.2.3 Gleannta Abhann**

Is cosúil saintréithe Ghleannta Abhann na Sláine agus na Bearú le saintréithe na nísealtailte, ach tá cuma orthu lena mbaineann luach níos airde scéimhe mar gheall go bhfuil aibhneacha agus a ngnáthóga gaolmhara bruachánacha agus coillearnaí ann. Tá an t-aonad seo an-íogair d'fhorbairt.

### **1.2.4 Cósta**

Baineann an nádúr céanna leis an aonad Cósta agus a bhaineann leis an tírdhreach Ísealtalún go minic. Mar gheall go bhfuil an mhuir suite i ngar, bíonn cuma scéimhe níos mó ar na ceantair seo, atá an-íogair d'fhorbairt.

Cóstaí fada, sách díreacha gainimh nó scaineagáin a mbíonn aillte agus córais duimhche mar chúlra acu, is mó a bhíonn i gceist le saintréithe an chósta thoir. Bíonn tóir ar na tránna gainimh i measc cuairteoirí. Laistigh den tírdhreach cósta seo, tá talamh agus muirdhreacha níos sainiúla Chuan Loch Garman, Shlabaí Loch Garman agus Poldair agus Dumhcha Chathóir. Tá níos mó cinn tíre agus bána níos lú ann sa chuid ó thuaidh den chósta thoir. Tá tiúchan d'fhorbairtí astarraingthe gainimh a chruthaíonn gnéithe feiceálacha sa tírdhreach, go háirithe i ngar don Abhainn Dubh.

Anuas air sin, tá tránna fada agus córais duimhche ar an gcósta thoir. Meallann radhairc ar Oileáin an tSailte Mhóir agus Bhig agus ar Oileáin na gCaorach an tsúil sa tírdhreach seo. Tá roinnt 'Tírdhreacha Níos Íogaire' ann, ina measc Oileán Mhuire agus Lochanna Theach Coimseáin, Slabaí na hInse agus Bhaile Thaidhg, Ceann an Chairn, Coinicéar Bhaile Thaidhg agus Cuan Bhanú. Tá éagsúlacht de tírdhreacha an-suimiúla agus an-sainiúla ar leithinis Rinn Duáin.

Bíonn brú níos mó ann i limistéir chósta Loch Garman i dtaobh turasóireachta agus forbairt cónaithe. Is gá d'fhorbairtí i dtírdhreacha cósta íogaireacht níos mó a léiriú mar gheall go bhfuil cumas níos lú ag an tírdhreach seo glacadh le forbairt.

### **1.3 Tírdhreacha Níos Íogaire**

Tá tírdhreacha níos íogaire laistigh d'aonaid nádúr an tírdhreacha.

#### **1.3.1 Cnoic agus Dromanna**

Tá cnoic agus dromanna le feiceáil go suntasach ar fud Chontae Loch Garman go léir, agus is minic go mbíonn radhairc fhairsinge trasna an tírdhreacha máguaird uathu. De réir sainmhíniú, tá tiúchan de chnoic agus de dhromanna san aonad nádúr an tírdhreacha Ardtalún nach ndearnadh a bhreacadh ar bhonn aonair ar Léarscáil Uimh. 13. Sa tírdhreach ísealtalún, sainaithníodh na cnoic agus na dromanna tábhachtacha agus feiceálacha. Baineann tábhacht stairiúil le roinnt de na cnoic seo, ar nós Chnoc an Abhalloirt, Chnoc Leacáin, Chnoc Fhiodh na gCaor agus Charraig Bhraín.

Sa chás go bhfuil rochtain phoiblí indéanta, is minic go mbíonn cnoic agus dromanna mar áiteanna a mbíonn tóir mhór orthu le haghaidh gníomhaíocht caitheamh aimsire, ar nós siúil, marcaíochta agus rothaíochta.



### **1.3.2 Dobharlaigh**

Murlaigh chósta iad Loch Oileán Mhuire, Loch Theach Coimseáin agus Choinicéar Bhaile Thaidhg, atá scartha go páirteach nó go hiomlán ón muir ag oitreacha gainimh, scaineagán agus roinnt carraigeacha. Cruthaíonn na gnéithe uisce agus an talamh atá íseal den chuid is mó ina bhfuil siad suite tírdhreacha soiléire. Baineann mórdhíol spéise éiceolaíochta leo go léir. Chomh maith leis sin, baineann tábhacht shuntasach reiligiúnach agus chultúrtha le Loch Oileán Mhuire agus, chomh maith leis sin, agus meallann sé go leor cuairteoirí, go háirithe i rith shéasúr oilithreach an tsamhraidh.

Bíonn inbhir Bhá Bhanú agus Chuan Loch Garman faoi réir fórsaí tréana taoide. Déanann an taoide limistéir fhairsinge de réileáin láibe agus de réileáin ghainimh a nochtadh nuair a thuilleann sí. Déanann córais ísle duimhche agus crainn aibí ag Rámhainn agus ag Rinn Ros Láir béal mhuidhreach Chuan Loch Garman a chruthú agus a fhrámú. Anuas air sin, baineann tábhacht stairiúil ar leith le Bá Bhanú a bhaineann leis na Normannaigh.

### **1.3.3 Na hOileáin**

Tírdhreacha suntasacha iontu féin iad na hOileáin timpeall chósta theas Loch Garman, arb iad Oileáin an tSailte na cinn is mó, agus déanann siad suntas agus díriú a sholáthar don mhuidhreach.

### **1.3.4 Cinn Tíre Cóta**

I Loch Garman Theas, gnéithe feiceálacha iad Rinn Chrois Fhearnóg (Cé na Cille Móire), Ceann an Chairn agus Rinn Ros Láir sa tírdhreach/mhuidhreach cósta.

Is tuirbíní gaoithe is mó is suntasáí i gCeann an Chairn anois, agus baineann tábhacht le Ceann an Chairn mar gheall gurb é an pointe is faide soir ó dheas

ar oileán na hÉireann. Ina theannta sin, is díol spéise seandálaíochta agus geolaíochta é chomh maith. Mar gheall gurbh é an láthair inar thit na féilte frithnúicléacha amach go déanach sna 1970idí agus go luath sna 1980idí, baineann díol spéise soch-chultúrtha le Ceann an Chairn chomh maith.

Sa taobh ó thuaidh den chontae, gnéithe feiceálacha sa tírdhreach/mhuirdhreach iad cinn tíre Rinn Chill Mhichíl, Rinn Chathóir agus iad siúd atá eatarthu chomh maith. Is gnách go ndéanann na cinn tíre bána gainmheacha a imfhálú, a mbíonn tóir orthu i measc cuairteoirí.

### **1.3.5 Leithinis Rinn Duáin**

Imríonn Cuan Phort Láirge, Bá Bhanú agus Muir Éireann, a dhéanann an leithinis a imfhálú ar thrí thaobh, tionchar suntasach ar Rinn Duáin.

Ó thuaidh, talamh dhroimneach fhairsing is mó a shonraítear sa leithinis ina bhfuil corr-radharc ar an uisce agus radhairc chianda ar Shléibhte na Staighrí Dubh agus ar Shliabh Fhothart.

Tá imeallbhord na leithinse an-bhearnach le bána agus cuasa agus tránna iomadúla gainmheacha. Aillte ísle agus carraigeacha den chuid is mó, atá i gceist lena shaintréithe, go háirithe leathbhealach idir tuaisceart agus deisceart na leithinse, mar shampla, ag Ceann Bhanú. Tá braisle láithreán lena mbaineann díol spéise geolaíochta ag an imeallbhord.

Tá tírdhreach an-réidh íseal sainiúil ann ag beann theas na leithinse a thugann foirgnimh thalmhaíochta agus chónaithe chun suntais, Halla Loftus i measc na bhfoirgneamh is suntasaí, agus is é teach solais Rinn Duáin ag Rinn Duáin an foirgneamh is suntasaí. Tá patrún sainiúil lonnaíochta agus páirceanna sa cheantar, ar cheart do thograí forbartha aird a thabhairt air.

Tá láithreáin ann lena mbaineann díol mór spéise stairiúil ar fud na leithinse iomláine, go háirithe iad siúd a bhaineann leis na Normannaigh, teach solais Rinn Duáin agus leis an úsáid stairiúil a baineadh as Port Dhún Canann.

Bíonn tóir ar na tránna, na tírdhreacha, na sráidbhailte agus, go háirithe, teach solais Rinn Duáin, i measc turasóirí agus baineann go leor den fhorbairt ar an leithinis le turasóirí dá bharr.

### **1.3.6 Cnoic na Scríne**

Cruthaíodh iad nuair a tharraing oighearshruth farraige Mhuir Éireann siar ag deireadh na hOighearaoise, is ionann na cnoic agus an deilt ardaithe teagmhála oighir is mó in Éirinn agus b'fhéidir san Eoraip. Tá 'cnoic' chruinne agus corrlach 'citealach' i gceist le Cnoic na Scríne agus tírdhreach ar leith atá i dtírdhreach na gcnoc i gcomparáid leis tírdhreach ginearálta ísealtalún dheisceart agus oirthear Loch Garman. Faoin talamh, déanann dríodair ghainimh agus ghairbhéil, a bhíonn níos doimhne ná 30m in áiteanna, flóra sainiúil a chothú agus meallann siad an tionscal eastóscach chomh maith. Tá an tírdhreach seo íogair d'fhorbairt.

### **1.3.7 Slabaí**

Cruthaíonn na slabaí ag Loch Garman agus ag an Inis agus ag Baile Thaidhg tírdhreacha sainiúla an-ísele réidh ar a bhfuil díoga díreacha draenála agus limistéir bhogaigh, a chruthaigh tionscadail míntírithe talún den chuid ba mhó sna 1800idí. Soláthraíonn na tírdhreacha gnáthóga tábhachtacha d'éanlaithe fiáine. Tá tírdhreach duimhche Bhaile Thaidhg mar chúlra le tírdhreach slabaí na hInise agus Bhaile Thaidhg agus tugann gníomhaíocht astarraingthe gainimh agus tuirbíní gaoithe, níos déanaí, an tírdhreach chun suntais.